

1800



Acht an Aontais

Bunaíodh Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus na hÉireann leis an Acht agus cuireadh deireadh le Parlaimint na hÉireann. Ón mbliain 1801 i leith, bheadh Feisirí agus piaraí na hÉireann ag freastal ar an bParlaimint in Westminster.

1829

Fuascailt na gCaitliceach

Leis an *Roman Catholic Relief Act*, tugadh cead do Chaitlicigh Rómhánacha suíocháin a ghlacadh sa Pharlaimint in Westminster. Ba é Dónall Ó Conaill a bhí i gceannas ar an bhfeachtas le haghaidh na fuascailte. Ghnóthaigh seisean suíochán in 1828 ach níor tugadh cead dó dul isteach sa Pharlaimint.

1840í



An Ghluaiseacht chun an tAontas a Aisghairm

Bhunaigh Dónall Ó Conaill an *Loyal National Repeal Association*. Bhí sé ag súil go ndéanfaí Parlaimint na hÉireann a oscailt athuair in 1843 ach bhí Rialtas na Breataine tiomanta i gcónaí don aontas a chosaint.

1845-1849



An Gorta Mór

Bhásaigh milliún duine mar thoradh ar an nGorta Mór agus spreagadh patrún eisimirce a d'fhág daonra na hÉireann laghdaithe faoina leath. Uair na cinniúna ba ea é do náisiúnaithe na hÉireann, a chuir an locht ar Pharlaimint Westminster as gan aon réiteach a lorg ar an ngéarchéim.

1867



Éirí Amach na bhFíníní

Theip ar éirí amach poblachtach sa bhliain 1803 agus arís sa bhliain 1848, ach rinne Bráithreachas Phoblacht na hÉireann (BPÉ), ar a dtugtar na Fíníní uaireanta, éirí amach nua a eagrú mar iarracht ar dheireadh a chur le riail na Breataine in Éirinn. Cé gur theip ar an éirí amach sin freisin, bhí BPÉ ann i gcónaí, agus lean sé de á eagrú féin agus ag agóidíocht, in Éirinn agus i Meiriceá, d'fhonn a chuspóir a bhaint amach.

1870í-1890í



An Ghluaiseacht Rialtais Dúchais

D'úsáid Feisirí de chuid an Chumainn Rialtais Dúchais bearta bacainníochta chun a gcás a chur chun cinn i dTeach na dTeachtaí agus ghnóthaigh siad dóthain suíochán chun cothromaíocht cumhachta a shealbhú. Tugadh isteach Bille Rialtais Dúchais in 1886 ach cailleadh é i dTeach na dTeachtaí. Ritheadh an dara Bille in 1883 i dTeach na dTeachtaí ach cailleadh é i dTeach na dTiarnaí.

Aib 1916

Éirí Amach na Cásca

Ghlac poblachtaigh na hÉireann seilbh ar fhoirgnimh ar fud Bhaile Átha Cliath agus d'fhógair siad gur stát neamhspleách í Éire. Ghéill siad tar éis sé lá. Rinne údarais na Breataine na ceannairí a thriail agus a chur chun báis go tapa, ghabh siad na mílte daoine agus chuir siad dlí airm i bhfeidhm. Tháinig borradh faoin tacaíocht do Phoblacht na hÉireann agus laghdaíodh an tacaíocht do Rialtas Dúchais.



M Fómh 1914

An tAcht Rialtais Dúchais

Ceadaíodh Rialtas Dúchais d'Éirinn leis an Acht seo, ach cuireadh ar fionraí é fad a mhair an cogadh agus ansin rinneadh é a aisghairm gan é a bheith tagtha in éifeacht.



Iúil 1914



Tús an Chéad Chogaidh Dhomhanda

Thacaigh ceannairí na Náisiúnaithe agus na nAontachtaithe araon leis an gcogadh i dtús báire agus ghríosai siad a lucht leanúna chun dul isteach san arm. Throid breis is 200,000 Éireannach sa chogadh.

Athbheochan na Gaeilge

Rinneadh spéis i gcultúr na Gaeilge – an teanga, spórt agus béaloideas - a athbheochan. Bunaíodh Conradh na Gaeilge agus an Cumann Lúthchleas Gael agus ba ghné den ghluaiseacht náisiúnach é cultúr na hÉireann a idirdhealú ó chultúr Shasana.



Feabh 1918

Representation of the People Act

Tugadh vóta leis an Acht do mhná áirithe, ach freisin do gach fear a bhí 21 bhliain d'aois ar a laghad, beag beann ar mhaoín. Méadaíodh líon toghthóirí na hÉireann ó 700,000 go 2 milliún.



Aib 1918

An Coinscríobh in Éirinn

Ós rud é go raibh saighdiúirí ag teastáil go géar uathu, chinn Rialtas na Breataine coinscríobh a thabhairt isteach in Éirinn, d'ainneoin gur chuir Feisirí na hÉireann go tréan ina aghaidh. D'eascair ollghluaiseacht in aghaidh an choinscríofa agus tháinig pobal na hÉireann le chéile ar aon tuairim in aghaidh Impireacht na Breataine dá bharr.



Samh 1918

Tagann deireadh leis an gCéad Chogadh Domhanda

Tháinig deireadh leis an gcogadh le sos cogaidh an 11 Samhain. I bhfianaise go raibh an Parlaimint tar éis a bheith ag súi ón mbliain 1910 ar aghaidh, socraíodh dáta go tapa le haghaidh olltoghcháin.



© IWM (Q 41925)

Noll 1918

An tOlltoghchán

Gheall Sinn Féin nach nglacfaidís suíocháin in Westminster, go mbunóidís tionól bunreacht in Éirinn agus go n-iarrfaidís aitheantas idirnáisiúnta don Phoblacht. D'iarr Páirtí Parlaiminteach na hÉireann (PPÉ) ar dhaoine tacú lena bhfeachtas bunreachtúil chun féinrialú a bhaint amach don tír. Ghnóthaigh Sinn Féin 73 shuíochán agus níor ghnóthaigh PPÉ ach 6 cinn. Ba iad na hAontachtaithe a ghnóthaigh na 26 shuíochán a bhí fágtha.



An Chéad Dáil

Reáchtáladh an chéad suí poiblí de Dháil Éireann sa Seomra Cruinn i dTeach an Ard-Mhéara ar an 21 Eanáir 1919.